An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna Deonacha, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha aitheanta sa Scéim Saoroideachais**

**Maidir le: Socruithe eatramhacha le haghaidh íocaíochta a bhaineann le deontais choimhdeacha (lena n-áirítear Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile (SSSF), Deontais Rúnaí Bunúsach agus Rúnaí SSSF) le scoileanna don tréimhse Meán Fómhair go Nollaig 2025.**

Is é cuspóir an fhógra seo comhairle a chur ar scoileanna maidir leis na socruithe chun maoiniú a bhaineann le deontas coimhdeach a íoc, lena n-áirítear Deontais SSSF agus Rúnaí, don tréimhse Meán Fómhair go Nollaig 2025.

## Cúlra

Tar éis do Fhorsa glacadh le comhaontú an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) maidir le tuarastail agus saoire do rúnaithe scoile atá maoinithe ag deontais, cuireadh na rúnaithe a ghlac leis an gcomhaontú le párolla na Roinne Oideachais ó Mheán Fómhair 2023. Mar gheall air seo, tá an maoiniú a bhaineann le deontas coimhdeach nuashonraithe, toisc nach bhfuil scoileanna ag íoc na dtuarastail seo go díreach a thuilleadh.

Ó Mheán Fómhair go Nollaig 2025, laghdófar maoiniú deontais bunaithe ar thuarastail a d’íoc scoileanna le rúnaithe a fuair maoiniú deontais sular aontaigh siad leis na téarmaí agus coinníollacha nua. Tá an fhaisnéis tuarastail tugtha ag na scoileanna don Roinn, agus tá sé seo á úsáid anois chun an maoiniú a bhaineann le deontas coimhdeach a laghdú.

Go dtí seo, tá comhfhreagras eisithe againn chuig scoileanna ina bhfuil sonraí faoi na socruithe do gach tréimhse eatramhach ó Mheán Fómhair 2023.

Ó scoilbhliain 2023/24 i leith, íocadh an ghnáthmhéid deontais choimhdigh/SSSF le scoileanna, lúide an méid a d’íoc scoileanna roimhe seo le rúnaithe a bhí maoinithe ag deontais sular ghlac siad leis na téarmaí agus coinníollacha nua. Níor cheart go mbeadh scoileanna faoi aon míbhuntáiste mar gheall air seo mar ní laghdaítear an deontas ach amháin de réir an mhéid a d’íoc siad lena rúnaithe roimhe seo.

**An Roinn Oideachais agus Óige, Rannán na Scoileanna Airgeadas, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659**
Department of Education and Youth, Schools Division Financial, Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
sdfinfo@education.gov.ie
gov.ie/education

## Socruithe íocaíochta deontais eatramhacha do Mheán Fómhair go Nollaig 2025

Déanfar íocaíochtaí deontais sna laethanta amach romhainn mar atá mínithe thíos.

Tá dhá chatagóir scoileanna ann chun an deontas seo a íoc.

1. Scoileanna a fhostaíonn rúnaí a fuair maoiniú deontais roimhe seo ach a d'aistrigh chuig párolla na Roinne ó Mheán Fómhair 2023

   agus

2. Scoileanna nach bhfostaíonn rúnaí a d'aistrigh chuig párolla na Roinne ó Mheán Fómhair 2023.

## Scoileanna a fhostaíonn rúnaí a fuair maoiniú deontais roimhe seo ach a d'aistrigh chuig párolla na Roinne ó Mheán Fómhair 2023.

Thug scoileanna sonraí don Roinn faoi na tuarastail a d'íoc siad le rúnaithe a fuair maoiniú deontais agus a d'aistrigh chuig párolla na Roinne ó Mheán Fómhair 2023. Úsáidfear an fhaisnéis seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an maoiniú a bhaineann le deontas coimhdeach atá dlite do na scoileanna seo ó Mheán Fómhair go Nollaig 2025. Seo thíos achoimre ar an socrú.

| Deontais a ríomh | Bunscoileanna | Meánscoileanna Deonacha | Pobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha |
|---|---|---|---|
| **Deontas le híoc** | 4/12ú den Deontas Seirbhísí Coimhdeacha a bheadh iníoctha roimhe sin i mí an Mhárta | An chéad tráthchuid de na Deontais SSSF, Rúnaí Bunúsach agus Rúnaí SSSF | An chéad tráthchuid den Deontas SSSF |
| **Lúide** | Tuarastal bliantúil maoinithe ag deontas + ÁSPC fostóirí<br><br>(chuir scoileanna na sonraí seo ar fáil don Roinn maidir leis na Rúnaithe siúd a d'aistrigh chuig Párolla Roinne ó Mheán Fómhair 2023) | | |
| | ÷ 12 mhí x 4 mhí | ÷ 12 mhí x 4 mhí do gach tráthchuid | ÷ 12 mhí x 4 mhí do gach tráthchuid |

Tabhair faoi deara, le do thoil, i líon beag cásanna nach bhfuil sonraí tuarastail atá maoinithe ag deontas ar fáil, go bhfuil an laghdú bunaithe ar na huaireanta a oibrítear de réir an íosráta €13 san uair (móide ÁSPC fostóirí) mar a comhaontaíodh mar chuid den phróiseas eadrána i ndáil le pá Rúnaithe agus Cúramóirí Scoile atá maoinithe ag

deontas. Féach le do thoil ar chiorcláin 0076/2018(bunscoileanna) agus0077/2018 (iar-bhunscoileanna) chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an ráta seo a bhí i bhfeidhm ó Eanáir 2019.

Mar a dearbhaíodh roimhe seo, ní dhéanfar aon laghdú ar mhaoiniú deontais chaipitíochta.

### Scoileanna nach bhfostaíonn rúnaí nó scoileanna a fhostaíonn rúnaí nár aistrigh chuig párolla na Roinne ó Mheán Fómhair 2023.

| Deontais a ríomh | Bunscoileanna | Meánscoileanna Deonacha | Pobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha |
|---|---|---|---|
| Ríomhfar deontais mar is gnách (gan aon laghdú) | 4/12ú den Deontas Seirbhísí Coimhdeacha a bheadh iníoctha roimhe sin i mí an Mhárta | An chéad tráthchuid de na Deontais SSSF, Rúnaí Bunúsach agus Rúnaí SSSF | An chéad tráthchuid den Deontas SSSF |

De réir alt 2.2 de Chiorclán 36/2022 agus Nóta Eolais ESR 02/2023, le héifeacht ón 13 Meitheamh 2022, ní mór do scoileanna rúnaithe nua nó rúnaithe ionaid a earcaítear a fhostú ar na téarmaí agus coiníollacha nua. Áirítear leis sin go n-íoctar trí phárolla na Roinne é agus ní trí mhaoiniú deontais.

### Íocaíochtaí a bhaineann le deontais choimhdeacha amach anseo

Féadfar íocaíochtaí a bhaineann le deontais choimhdeacha amach anseo a athbhreithniú chun cásanna a léiriú ina dtéann rúnaithe isteach i bpárolla na Roinne i rith na bliana nó ina mbíonn athrú ábhartha ar na huaireanta a oibrítear.

Tá obair ar siúl chun modh a shainaithint chun an laghdú ar na deontais choimhdeacha a chaighdeánú san fhadtéarma i gcás ina bhfuil rúnaithe scoile á n-íoc ar phárolla na Roinne. D'fhéadfadh na híocaíochtaí reatha a bheith éagsúil nuair a bheidh múnla buan le haghaidh laghduithe a bhaineann le deontais choimhdeacha tugtha chun críche. Beidh rannpháirtíocht le comhlachtaí bainistíochta scoile d'fhonn na socruithe seo a phlé lena chinntiú go bhfuil siad chomh réasúnta agus chomh cothrom agus is féidir do gach scoil. Cuirfear tuilleadh sonraí faoi na socruithe seo ar fáil do scoileanna a luaithe a bheidh siad ar fáil.

An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

## Ceisteanna

Ba chóir ceisteanna maidir leis na socruithe eatramhacha le haghaidh íocaíocht a bhaineann le deontais choimhdeacha a sheoladh chuig sdfinfo@education.gov.ie

Úsáid teideal an ábhair, le do thoil: "Deontas Coimhdeach Eatramhach 2025" sa ríomhphost.

Is mise le meas,

Shirley Kearney

Príomhoifigeach

Rannóg na Scoileanna - Airgeadas

24th Samhain 2025

**An Roinn Oideachais agus Óige, Rannán na Scoileanna Airgeadas, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659**
Department of Education and Youth, Schools Division Financial, Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
sdfinfo@education.gov.ie
gov.ie/education